2025L067G2IL

2025.M51T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Ceol

## Éisteacht

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 19 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir é sin in iúl don fheitheoir láithreach bonn.
- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Cúig shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear ceithre huaire.**

**(a)** Baineadh an ceol sa sliocht seo

☐ as an intreoir

☐ as an bhforbairt

☐ as an gcóda

**(b)** Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

☐ téama an Ghrá

☐ téama Friar Lawrence

☐ téama an Achrainn

**(c)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an téama sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**(d)** Sa sliocht seo, seinntear é seo na téaduirlisí

☐ *pizzicato*

☐ *tremolo*

**(e)** Is é an dúnadh a chloistear ag deireadh an tsleachta ná

☐ dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh)

☐ dúnadh foirfe (lándúnadh)

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** Déan cur síos ar an gcaoi a n-athraíonn an ceol i rith an tsleachta seo.


| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(g)** Sainaithin dhá ghné den cheol sa sliocht seo:

- ☐ sioncóipiú
- ☐ tríríní
- ☐ nótaí marthanacha
- ☐ athdhéanamh

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den sliocht priontáilte thíos.**




**(h)** Cuir isteach an dá nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas. Úsáid an rithim a thugtar.

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den sliocht priontáilte thíos.**




**(a)** Sainaithin an dá uirlis a sheinntear sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|
| Uirlis 2: |

**(b)** Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐ $\frac{2}{4}$

☐ $\frac{3}{4}$

☐ $\frac{4}{4}$

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Is í uigeacht an cheoil sa sliocht seo ná

- ☐ monafónach
- ☐ homafónach
- ☐ ilfhónach

**(d)** Gné den sliocht seo ná canóin. Mínigh canóin.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Baineadh an ceol sa sliocht seo

☐ as an gcuid bhailéadach

☐ as an rac-chuid

☐ as an gcuid cheoldrámata

**(b)** Sainaithin uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí tosaithe priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Galileo, Galileo, Galileo, Galileo, |
| Líne 2 | Galileo Figaro. Magnifico. |
| Líne 3 | I'm just a poor boy, nobody loves me. |
| Líne 4 | He's just a poor boy from a poor family, |
| Líne 5 | Spare him his life from this monstrosity. |

**(c)** Sainaithin gné amháin den cheol gutha a chloistear sna línte 1–5.

| Gné: |
|---|
| |

**(d)** Gné den sliocht seo ná peanáil. Mínigh peanáil.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(e)** Déan cur síos ar an gcaoi a gcuirtear béim ar na focail 'for me' sa cheol ag druidim le deireadh an tsleachta.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(10 marc)**

Dhá shliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* BWV 78 le J.S. Bach.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Baineadh an ceol sa sliocht seo

☐ as an gCór

☐ as an gCóráil

**(b)** Tá tonúlacht an cheoil sa sliocht seo

☐ mór

☐ mion

**(c)** Sainaithin gné amháin den cheol Barócach mar a chloistear sa sliocht seo í.

| Freagra: |
|---|
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** An chéad ghuth a chloistear sa sliocht seo ná

- ☐ teanór
- ☐ dord

**(e)** Cloistear Tierce de Picardie sa sliocht seo. Mínigh Tierce de Picardie.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach**

Tá an cheist seo bunaithe ar thrí shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Tá an t-amhrán seo á canadh ar an sean-nós. Sainaithin dhá ghné den amhránaíocht ar an sean-nós mar a chloistear sa sliocht seo iad.

| Gné 1: |
|---|

| Gné 2: |
|---|

**(b)** Is í foirm an cheoil sa sliocht seo ná

| AABA | AABB | AABC |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** (i) Is é atá sa damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

| ríl | cornphíopa | port luascach |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(ii) Is é amchomhartha an damhsa seo ná

| $\frac{4}{4}$ | $\frac{6}{8}$ | $\frac{9}{8}$ |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(iii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an damhsa seo ná

☐ 

☐ 

☐ 

**(d)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Is cumasc é an sliocht seo de stíleanna éagsúla ceoil. Pléigh sin agus tú ag tagairt don cheol a chloistear sa sliocht.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta**

Tá an cheist seo bunaithe ar chúig shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Amchomhartha an cheoil sa sliocht seo ná

☐ $\frac{2}{4}$

☐ $\frac{3}{4}$

☐ $\frac{4}{4}$

**(b)** Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**


**(c)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.


| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |


**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den tséis ghutha thosaigh priontáilte thíos.**




**(d)** Is iad na nótaí ata ar iarraidh ag **X** ar an scór ná

☐ 


☐ 


☐ 


*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Cé mhéad barra ceoil atá le cloisteáil san intreoir?

- ☐ 3 bharra
- ☐ 4 bharra
- ☐ 6 bharra

**(f)** Sainaithin gné amháin den cheol gutha a chloistear sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |

**Sliocht 4, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(g)** Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir an ceol a chloistear i **Sliocht 4** agus an ceol a chloistear i **Sliocht 5**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht | |
|---|---|
| Sliocht 4 | Sliocht 5 |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Tá dhá nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Éisteacht

Déardaoin 19 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00